



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2006

GAEILGE - GNÁTHLEIBHÉAL

PÁIPÉAR II

(110 marc)

DÉ hAOINE, 9 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 go dtí 11.50

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Cailfear marcanna trí bheith faillíoch ann.)

Tá Roinn A (Cúrsa Ainmnithe) agus Roinn B (Cúrsa Roghnach) ag baint leis an scrúdpháipéar seo.

Mar shampla, má fhreagraíonn tú Ceist 1 (Prós) agus an freagra sin bunaithe ar an gceist ar an bPrós Ainmnithe ar an scrúdpháipéar, tá lánchead agat Ceist 2 (Filíocht) a fhreagairt agus do fhreagra a bhunú ar an gceist ar an bhFilíocht Ainmnithe nó ar na bhFilíocht Roghnach ar an scrúdpháipéar. (Tá an rogha chéanna i gceist ó thaobh na filíochta de má fhreagraíonn tú Ceist 1 (Prós) agus an freagra sin bunaithe ar an gceist ar an bPrós Roghnach ar an scrúdpháipéar.)

Chun an chuid seo a fhreagairt féach ar na treoracha atá ar leathanach 1.

CEIST 1

- PRÓS AINMNITHE -

[55 mharc]

Freagair (a) agus (b) anseo.

(a) (i) “Clare: Síocháin faoi dheireadh thiar thall.” (*Clare sa Spéir*).
Tabhair **cuntas** ar ar tharla sa teach an chéad mhaidin sin. (25 mharc)

(ii) Cén sórt duine í Clare, dar leat? Déan cur síos **gairid** uirthi agus inis cén fáth ar thaitin (nó nár thaitin) sí leat. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

NÓ

(i) “Seanbhean: Lá buí Bealtaine mar seo is ea a chonac Peadar Mac Fhlannchadha den chéad uair riamh.” (*Lá Buí Bealtaine*).
Déan cur síos ar an ngaol a bhí idir Peadar agus Nóinín agus iad óg. (25 mharc)

(ii) Cén duine den bheirt, Peadar nó Nóinín, is fearr leat sa dráma? Déan cur síos **gairid** air/uirthi agus inis cén fáth ar thaitin sé/sí leat. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

NÓ

(i) “Níor chóir duit,” arsa an Bás leis an Chearrbhach, “Dia a ligean uait gan achainí a iarraidh air.” (*An Cearrbhach Mac Cába*).
Cad iad na **trí** achainí a d’iarr an Cearrbhach ar Dhia? Tabhair cuntas ar an úsáid a bhain an Cearrbhach as na **trí** achainí sin. (25 mharc)

(ii) Cén sórt duine é an Bás, dar leat? Déan cur síos **gairid** air agus inis cén fáth ar thaitin (nó nár thaitin) sé leat. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

(b) (i) Maidir leis na trí shaothar eile, *Coileach Ghleann Phádraig (nó An Bhean Óg), Lig Sinn i gCathú*, agus *Fiche Bliain ag Fás* (a ndearna tú staidéar orthu i rith do chúrsa), roghnaigh **saothar amháin** díobh a bhfuil **ceann amháin** de na *téamaí* seo a leanas i gceist ann. Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar faoin *téama* atá roghnaithe agat.

grá (nó fuath)
greann

cruachás (nó díomá)
óige

draíocht (iontas)
ól

brón (nó áthas)
saol na tuaithe

(20 marc)

NÓ

(ii) Maidir leis na trí shaothar eile, *Coileach Ghleann Phádraig (nó An Bhean Óg), Lig Sinn i gCathú*, agus *Fiche Bliain ag Fás* (a ndearna tú staidéar orthu i rith do chúrsa), roghnaigh **saothar amháin** díobh. Tabhair **cuntas gairid** ar **dhá** rud ann, rud amháin a bhí suimiúil (go maith) agus rud amháin nach raibh suimiúil (nach raibh go maith). (20 marc)

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) (i) Cad is téama don dán *Jack* (thíos)? (9 marc)
- (ii) Cén cur síos a thugann an file dúinn ar *Jack*? (8 marc)
- (iii) Cad é an ghuí atá ag an bhfile do *Jack*? (8 marc)
- (iv) An maith leat an dán seo?
Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

Jack

Strapaire fionn sé troithe ar airde,
Mac feirmeora ó iarthar tíre,
Ná cuimhneoidh feasta go rabhas—sa oíche
Ar urlár soimint aige ag rince,

Ach ní dhearúdfad a ghéaga im thimpeall,
A gháire ciúin ná a chaint shibhialta –
Ina léine bhán is a ghruaig nuachíortha
Búí fén lampa ar bheagán íle.

Fágfaidh a athair talamh ina dhiaidh aige,
Pósfaidh bean agus tógfaidh síolbhach,
Ach mar conacthas domhsa é arís ní chífear,
Beagbheann ar chách mar 'gheal lem chroí é.

Barr dá réir go raibh air choíche!
Rath is séan san áit ina mbíonn sé!
Mar atá tréitheach go dté crích air –
Dob é an samhradh so mo rogha pháirtí é.

NÓ

- (i) Cad is téama don dán *Faoiseamh a Gheobhadsa*, dar leat? (thíos). (10 marc)
- (ii) Luaigh **dhá** mhothúchán atá sa dán. (8 marc)
- (iii) Déan plé gairid ar an úsáid a bhaineann an file as codarsnacht sa dán. (7 marc)
- (iv) An maith leat an dán seo?
Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

Faoiseamh a Gheobhadsa

Faoiseamh a gheobhadsa
Seal beag gairid
I measc mo dhaoine
Ar oileán mara,
Ag siúl cois cladaigh
Maidin is tráthnóna
Ó Luan go Satharn
Thiar ag baile.

Faoiseamh a gheobhadsa
Seal beag gairid
I measc mo dhaoine
Ó chra chroí,
Ó bhuairt aigne,
Ó uaigneas dhuaire
Ó chaint ghontach
Thiar ag baile.

- (b) (i) Maidir leis an dán *Bímse Buan ar Buairt Gach Ló* (thíos), roghnaigh *mothúchán amháin* as an liosta seo a leanas agus tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán faoin *mothúchán* sin atá roghnaithe agat.

uaigneas doilíos meas éadóchas
cumha (nó briseadh croí) grá brón

(20 marc)

NÓ

- (ii) Maidir leis an dán *Bímse Buan ar Buairt Gach Ló* (thíos), tabhair cuntas **gairid** ar phríomhsmaointe an dáin **agus** ar **dhá** rud sa dán sin, rud amháin a thaitin leat **agus** rud amháin nár thaitin leat.

(20 marc)

Bímse buan ar buairt gach ló

Bímse buan ar buairt gach ló,
ag caoi go crua 's ag tuar na ndeor,
mar scaoileadh uainn an buachaill beo
's ní ríomhthar tuairisc uaidh, mo bhron!

Curfá:
Is é mo laoch, mo ghille mear,
is é mo Shaesar, gille mear;
ní bhfuairéas féin aon tsuan ar séan
ó chuaigh i gcéin mo ghille mear.

Ní haoibhinn cuach ba suairc ar neoin,
táid fíorchoin uaisle ar uatha spóirt,
táid saoithe 's suadha i mbuairt 's i mbrón
ó scaoileadh uainn an buachaill beo.

Níor éirigh Phoebus féin ar cóir,
ar chaomhchneas ré tá daolbhrat bróin,
tá saobha ar spéir is spéirling mhór
chun sléibhe i gcéin mar d'éala' an leon.

Níl séis go suairc ar chruachruit cheoil,
tá an éigse i ngruaim gan uaim 'na mbeol,
táid béithe buan ar buairt gach ló
ó théarnaigh uainn an buachaill beo.

Chun an chuid seo a fhreagairt féach ar na treoracha atá ar leathanach 1.

CEIST 1

- PRÓS ROGHNACH -

[55 mharc]

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) (i) Maidir le gearrscannán a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair **cuntas** ar an téama atá sa ghearrscannán sin. (23 mharc)

[Ní mór teideal an ghearrscannáin sin, mar aon le hainm an stiúrthóra, a scríobh síos go soiléir.] (2 mharc)

- (ii) Cén phearsa (carachtar) is mó a raibh bá agat leis/léi sa ghearrscannán sin? Déan cur síos **gairid** air/uirthi. Inis cén fáth ar thaitin (nó nár thaitin) sé/sí leat. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

NÓ

- (i) Maidir le sliocht as dráma a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair **cuntas** ar an bpríomhphearsa (bpríomhcharachtar) ann. (23 mharc)

[Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.] (2 mharc)

- (ii) Déan cur síos **gairid** ar rud amháin a tharla sa dráma sin a chuir áthas (nó brón nó fearg) ort. Mínigh cén fáth ar mhúscail an rud sin an mothú sin ionat. (10 marc)

NÓ

- (i) Maidir le sliocht as úrscéal a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair **cuntas** ar an bpríomhphearsa (bpríomhcharachtar) ann. (23 mharc)

[Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.] (2 mharc)

- (ii) Ar thaitin an sliocht seo leat? Tabhair **dhá** fháth ar thaitin/nár thaitin sé leat. (10 marc)

- (b) (i) Maidir leis na saothair eile a ndearna tú staidéar orthu le linn do chúrsa, **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, roghnaigh **saothar amháin** díobh a bhfuil **ceann amháin** de na *téamaí* seo a leanas i gceist ann. Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar faoin *téama* atá roghnaithe agat.

Grá (nó fuath)
greann

cruachás (nó díomá)
óige

draíocht (iontas)
ól/drugaí

(18 marc)

[Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.] (2 mharc)

NÓ

- (ii) Maidir leis na saothair eile a ndearna tú staidéar orthu le linn do chúrsa, agus **nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, roghnaigh **saothar amháin** díobh. Tabhair **cuntas gairid** ar **dhá** rud ann, rud amháin a bhí suimiúil (go maith) **agus** rud amháin nach raibh suimiúil (nach raibh go maith). (18 marc)

[Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.] (2 mharc)

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) (i) Maidir le dán nua-aimseartha **amháin** a chum **bean** agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, inis **i d'fhocail féin**, cad is téama don dán sin, dar leat. (8 marc)
- (ii) Roghnaigh **dhá** mheafar a úsáideann an file sa dán seo agus déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an **dá** mheafar sin. (8 marc)
- (iii) An dóigh leat go bhfuil teideal an dáin seo oiriúnach? Cuir fáth **amháin** le do fhreagra. (7 marc)
- (iv) Ar thaitin an dán seo leat?
Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)
- [Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.] (2 mharc)

NÓ

- (i) Maidir le dán seanaimseartha **amháin** a chum **bean nó fear** agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, inis cad é an mothúchán is mó atá sa dán, dar leat. Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (8 marc)
- (ii) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar **dhá** íomhá sa dán seo a cheap tú a bhí go maith. (8 marc)
- (iii) Scríobh nóta **gairid** faoi rud **amháin** sa dán a cheap tú a bhí suimiúil (go maith). (7 marc)
- (iv) An maith leat an dán seo?
Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)
- [Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.] (2 mharc)

- (b) (i) Maidir leis na dánta eile a ndearna tú staidéar orthu le linn do chúrsa, **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, roghnaigh **dán amháin** díobh a chum **fear**, a bhfuil **ceann amháin** de na *mothúcháin* seo a leanas i gceist ann. Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán faoin *mothúchán* sin atá roghnaithe agat.

uaigneas	doilíos	meas	dóchas (nó éadóchas)
briseadh croí (<u>nó</u> cumha)	grá	brón	

(18 marc)

[Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.] (2 mharc)

NÓ

- (ii) Maidir leis na dánta eile a ndearna tú staidéar orthu le linn do chúrsa, **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, roghnaigh **dán amháin** díobh a chum **fear**. Tabhair cuntas **gairid** ar phríomhsmaointe an dáin **agus** ar **íomhá (phictiúr)** amháin sa dán, **nó** ar **mheafar** amháin sa dán a thaitin (nó nár thaitin) leat. (18 marc)

[Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.] (2 mharc)

Leathanach Bán

Leathanach Bán